UACHTARÁN NA hÉIREANN
PRESIDENT OF IRELAND

**Teachtaireacht chuig daltaí iar-bhunscoile**
**ón Uachtarán Micheál D. Ó hUigínn**

Inniu is mian liom teachtaireacht tacaíochta, misnithe agus buíochais a sheoladh chugaibh, daltaí meánscoile na hÉireann.

Tuigim go maith cé chomh dúshlánach is a bhí na trí míosa atá caite againn go léir ar fud na tíre. B'éigean daoibh déileáil leis an iliomad caillteanas agus dúshlán de thoradh ar COVID-19, na gnéithe ginearálta agus na dushláin speisialta a bhí ann d'iadsan a bhí lonnaithe sa choras oideachais. .

Daoibhse a chaill gaolta, is mian liom comhbhrón óm' chroí a chur in iúl. Tá daoine eile in bhur measc a bhfuil imní orthú b'fhéidir faoi chara nó faoi ghaol atá breoite nó leochaileach, nó atá i mbaol de bharr a gcuid oibre. Ní mór dúinn go léir tacú leo pé slí inar féidir linn.

Chomh maith leis sin tá cuid mhaith teaghlach ann a bhfuil caolú nó ganntannas airgeadais amach rompu, agus an imní go léir a bhaineann leis.

Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agaibh nach bhfuil sibh in bhur n-aonar. Tá an taithí chéanna ag na mílte teaghlach ar fud na tíre, agus mar Uachtarán na hÉireann, seasaim gualainn le gualainn libh, agus leo siúd uilig atá ag folaingt ag an am seo.

Tá gach rud curtha bun ós cionn trí athruithe nach féidir linn éalú uathu. Ní mór dúinn na pleananna a bhí againn ag tús na bliana seo a athbhreithniú agus a chur in oiriúint don comhthéacs nua.

Maidir libhse, tá rudaí áirithe curtha ar an méar fhada nó curtha ar sos agus sinn ag fanacht leis an gcomhairle maidir lena bhfuil le déanamh againn san am amach romhainn. I measc na rudaí sin tá scrúduithe, imeachtaí spóirt, turais chuig an nGaeltacht, cuairteanna ar dhaoine muinteartha, sealanna le bhur gcairde, caidreamh atá ag teacht faoi bhláth fiú – na heachtraí sóisialta saibhrithe sin a mhúnlaíonn carachtar duine óig, de ghnáth.

Ach caithfimid a choimead i gcuimhne an éacht atá déanta. Sé sin go bhfuil ár ngníomhartha go léir sna míosa atá caite agus na srianta go léir ar chuireamar suas leo san áireamh, tar éis cabhrú go mór le sinn a choimeád slán.

Rinne sibhse go léir agus bhur dteaghlaigh bhur gcion. Gan amhras, shábháil bhur ngníomhartha beatha daoine. Mar Uachtarán na hÉireann, gabhaim buíochas libh as sin, ach iarraim oraibh coinneáil leis, mar go n-iarrfar orainn go léir tuilleadh a dhéanamh sna seachtainí agus sna míosa amach romhainn.

Le linn na tréimhse dheacair seo, d'aithníomar go rí-shóiléir luach na daoine sin atá ag tacú linn. Táim cinnte go bhfuil sár-iarracht déanta ag bhur múinteoirí agus bhur dtuismitheoirí an t-am seo a dhéanamh níos éasca daoibh. Cuimhnigh go bhfuil sé deacair dóibh sin freisin, mar sin, lean oraibh a bheith foighneach agus cineálta agus tabhair tacaíocht dóibh.

Mar Uachtarán na hÉireann, is minic a labhraím le daoine óga cosúil libhse. Tá an gaol sin tábhachtach dom. Is annamh a chríochnaím na comhráite sin gan a bheith iomlán dóchasach agus dearfach faoin todhchaí.

Spreagtar mé mar gheall ar an bhfuinneamh, cruthaitheacht, díograis, agus greann atá ag an oiread agaibh maidir le go leor réimsí iarrachta, agus bhur meon gan faitíos agus diongbháilte chun athrú dearfach a bhaint amach inár sochaí – chun na rudaí is gá a athrú chun poblacht comhionainn, rannpháirteach ar gach bealach a bhaint amach.

Tá sé seo feicthe agam ionaibhse a ghlacann páirt i ngradaim Gaisce, na mílte duine agaibh a ghlac páirt sna léirithe aeráide faoi stiúir daoine óga, agus ionaibhse ar fad atá ag cur go dearfach le bhur bpobail mar shaoránaigh óga gníomhacha, idirnasctha. Molaim sibh go leir.

Iarraim oraibh an uaillmhian seo d'Éirinn agus don domhan a choinneáil agus sibh ag tabhairt faoi eachtraí an tsaoil. Glac bhur bpáirt chun domhan a chruthú ina mbaintear na bacainní atá idir an oiread sin dá dhaoine agus a rannpháirtíocht iomlán.

Go n-éirí libh. Bain taitneamh as an samhradh. Bígí ag léamh, ag spraoi, caithigí am taobh amuigh agus bain sult as an am leo siúd ata timpeall oraibh.

Ach, fanaigí sábháilte agus leanaigí ag coinneáil daoine eile sábháilte. Tiocfaidh deireadh leis an ngéarchéim, agus as an tréimhse dhorcha seo tiocfaidh tréimhse níos gile dúinn ar fad. Bí cinnte de.

Míle buíochas as bhur n-iarrachtaí, bhur foighne is bhur n-idéalachas, is Beir beannacht don todhchaí.

**Micheál D. Ó hUigínn**
**Uachtarán na hÉireann**
**President of Ireland**

**Bealtaine, 2020**